# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE

## RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2016

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2016**

## Clár Ábhair


| Clár Ábhair | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide | 1 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 2-3 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 4 |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 5 |
| An Ráiteas ar Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil | 6 |
| An Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 7 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 8 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 9-22 |

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA hINSTITIÚIDE**

Faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, ceanglaítear ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil an bonn sin míchuí
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach chomh maith as a cuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

| | |
|---|---|
| ______________________ | ____________ |
| Chathaoirleach | Dáta |
| ______________________ | ____________ |
| Uachtarán | Dáta |

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH**

**Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

**Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an gComhlacht Rialaithe chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Próisis a bhunú chun rioscaí a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí airgeadais
- Fochoiste Iniúchóireachta a bhunú a bhfuil téarmaí tagartha soiléire aige
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint
- Cultúr cuntasachta láidir a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta ar fáil don bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus ar chóras tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear go háirithe leis:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach, arna tharmligean nuair is cuí, chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an Leithdháileadh Bliantúil arna dheonú ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ar ioncam agus chaiteachas eile
- Athbhreithnithe rialta ag an gComhlacht Rialaithe ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne meastachán
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir
- Rialúcháin fhoirmiúla um bainistíocht tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an Institiúid a fheidhmítear de réir an Chóid Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Treoraítear obair na hiniúchóireachta inmheánaí tríd anailís ar an riosca a nochtar an comhlacht dó agus bíonn na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn agus faomhann Fochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe an anailís riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Ar a laghad uair sa bhliain, cuireann na hIniúchóirí Inmheánacha tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil d’Fhochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe. Tugtar chun solais sna tuarascálacha seo easnaimh nó laigí atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus na bearta ceartaithe a mholtar a ghlacadh, sa chás gur cuí. Tugtar tuairiscí rialta don Chomhlachta Rialaithe ar stádas na saincheisteanna a thugtar chun solais.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Chomhlachta Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh treoir ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ó Fhochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe a mhaoirsíonn obair na nIniúchóirí Inmheánacha, ón mBord Feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreat rialála airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú, agus ó na barúlacha a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le fios ina chuid litreacha bainistíochta agus i dtuarascálacha eile.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú**

Thug an Fochoiste Iniúchóireachta tuairisc don Chomhlacht Rialaithe ar a chuid gníomhaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2016. Deimhnímid go ndearna an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2016.

_________________________ ___________________
Cathaoirleach Dáta

_________________________ ___________________
Uachtarán Dáta

## Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology

I have audited the financial statements of the Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology for the year ended 31 August 2016 under the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 and generally accepted accounting practice.

**Responsibilities of the Institute**

The Institute is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

**Responsibilities of the Comptroller and Auditor General**

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

**Scope of audit of the financial statements**

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Institute's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

**Opinion on the financial statements**

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Institute as at 31 August 2016 and of its income and expenditure for the year then ended; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Institute were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

***Future pension arrangements***

Without qualifying my opinion on the financial statements, I draw attention to Accounting Policy 1e Employee Benefits.

Employees of the Institute are members of two defined benefit pension schemes: the Single Public Service Pension Scheme and the Education Sector Superannuation Scheme 2015. The Institute has not provided in these financial statements for the cost of future benefits that have accrued to staff members under the schemes.

The Single Scheme applies to Institute staff that joined the public sector as new entrants on or after 1 January 2013. The Institute is prescribed in legislation as a relevant authority for the purposes of the Scheme, and is liable to meet future pension payouts. The Scheme provides that Oireachtas funding will be provided to meet such obligations.

Employees recruited before 1 January 2013 became members of the Education Sector Superannuation Scheme 2015. This provides that the payment of Scheme benefits is a function of the Institute. In reality, however, the payment and funding mechanisms have remained unchanged since the introduction of the Scheme i.e. pension payments continue to be funded directly under Vote 26 Education and Skills and are paid on the Department's behalf by the Payroll Shared Services Centre, on an agency basis.

The Department of Education and Skills is awaiting legal advice in relation to where the responsibility lies for pension liabilities under the 2015 Scheme.

## Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the statement on internal control does not reflect the Institute's compliance with the Code of Governance of Irish Institutes of Technology, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Colette Drinan

**Colette Drinan**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

30 **June 2017**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2016**

| | Notaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 7,666 | 7,471 |
| Táille Teagaisc | 3 | 8,177 | 7,761 |
| Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha | 15 | 1,833 | 1,803 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 4 | 548 | 442 |
| Ioncam Eile | 6 | 1,087 | 1,286 |
| Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 5 | 263 | 242 |
| Ioncam ó Ús | | 33 | 93 |
| | | 19,607 | 19,188 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Foirne | 8 | 9,410 | 13,025 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 10 | 4,263 | 4,381 |
| Dímheas | 12 | 1,833 | 1,893 |
| | | 19,125 | 19,299 |
| **BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN** | | 482 | (111) |
| **CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE AN 1 MEÁN FÓMHAIR** | | 5,146 | 5,257 |
| **CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE AN 31 LÚNASA** | | 5,628 | 5,146 |

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 22.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**David Holohan** **Cathaoirleach**
**An Dr Annie Doona** **Uachtarán**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**AN RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCUNTAS CÚLCHISTÍ AGUS CAIPITIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2016**

| | Cuntas Caipitil €000 | Cúlchiste Forbartha Caipitil €000 | Cúlchiste Ioncaim €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **AN 1 MEÁN FÓMHAIR 2014** | 43,514 | 1,626 | 5,257 | 50,397 |
| Oibriúcháin Easnamh | 0 | 0 | (111) | (111) |
| Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach | 22 | 0 | 0 | 22 |
| Leithdháilte ón Deontas do Mhionoibreacha | 526 | 0 | 0 | 526 |
| Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail | 8 | 0 | 0 | 8 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (1,893) | 0 | 0 | (1,893) |
| **GLUAISEACHT DON BHLIAIN** | (1,337) | 0 | (111) | (1,448) |
| **AN 31 LÚNASA 2015** | 42,177 | 1,626 | 5,146 | 48,949 |
| Oibriúcháin Easnamh | 0 | 0 | 482 | 482 |
| Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach | 171 | 0 | 0 | 171 |
| Leithdháilte ón Deontas do Mhionoibreacha | 554 | 0 | 0 | 554 |
| Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail | 8 | 0 | 0 | 8 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (1,833) | 0 | 0 | (1,833) |
| **GLUAISEACHT DON BHLIAIN** | (1,100) | 0 | 482 | (618) |
| **AN 31 LÚNASA 2016** | 41,077 | 1,626 | 5,628 | 48,331 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 22.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**David Holohan** **Cathaoirleach**
**An Dr Annie Doona** **Uachtarán**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2016**

| | Notaí | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 12 | 41,088 | 42,177 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | 13 | 1,100 | 1,026 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 7,843 | 7,329 |
| | | 8,943 | 8,355 |
| **NITHE INÍOCTHA** | | | |
| Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain amháin | 14 | (1,689) | (1,583) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 7,254 | 6,772 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 48,949 | 48,949 |
| **ARNA LÉIRIÚ AG** | | | |
| Cuntas Caipitil | 15 | 42,177 | 42,177 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitiúla | | 5,146 | 1,626 |
| Cúlchiste Ioncaim | 16 | 1,626 | 5.146 |
| | | 48,949 | 48,949 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 22.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**David Holohan** **Cathaoirleach**
**An Dr Annie Doona** **Uachtarán**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**AN RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID THIRIM AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2016**

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| **GLANSREABHADH AIRGID THIRIM ÓGHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Barrachas Oibriúcháin | 482 | (111) |
| Ioncam Úis | (33) | (93) |
| Dímheas | 1,833 | 1,893 |
| Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha | (1,833) | (1,893) |
| Laghdú ar Fhéichiúnaithe | (73) | 60 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | (140) | (140) |
| **GLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | 482 | (284) |
| **GLANS-INSREABHADH AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Ús Faighte | 32 | 101 |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | (733) | (566) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTITHE** | | |
| Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 171 | 22 |
| Deontas Mionoibreacha Stáit a caitheadh ar Shócmhainní Seasta | 554 | 526 |
| Cistí Eile caite ar Shócmhainní Seast | 8 | 8 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó MHAOINIÚ** | 733 | 556 |
| **GLANMHÉADÚ AR AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM** | 514 | (183) |
| **AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 1 MEÁN FÓMHAIR** | 7,329 | 7,512 |
| **AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 31 LÚNASA** | 7,843 | 7,329 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 22.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

**David Holohan** **Cathaoirleach**
**An Dr Annie Doona** **Uachtarán**

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Tugtar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta, a mheastar atá ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta agus an Ráiteas Comhlíonta

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide chun oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile a sholáthar.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus a d'fhógair Cuntasóirí Cairte in Éirinn lena úsáid in Éirinn agus i gcomhréir le riachtanais an Údaráis um Ard-Oideachas.

Meastar gurb é an t-airgeadra feidhmeach d’Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) an Euro mar gheall gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina n-oibríonn an Institiúid. Cuirtear aon airgeadraí eachtracha san áireamh i gcomhréir leis na beartais a leagtar amach thíos.

Is é an dáta a aistríodh go dtí FRS 102 an 1 Meán Fómhair 2014.

### (b) Maoin, Gléasra agus Trealamh

#### i) Talamh agus Foirgnimh

Luaitear Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas, glan ar dhímheas agus aon soláthar a dhéantar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach talamh agus foirgneamh, seachas maoin infheistíocht agus talamh ruílse, ar rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach, gach sócmhainne ar bhonn líne dírí i gcaitheamh a saol ionchasach úsáide, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Ruílse | 50 bliain |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

#### ii) Trealamh

Ón 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh agus bogearraí agus crua-earraí ríomhaire a chosnaíonn níos lú ná €3,000 in aghaidh an earra aonair ón gcuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Déantar an trealamh go léir eile a chaipitliú ar chostas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré gheilleagrach úsáide mar seo a leanas:

| Catagóir Shócmhainne | Bliain |
|---|---|
| Foirgnimh réamhdhéanta, Daingneáin agus Feistis | 10 |
| Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire | 3 |
| Troscán agus Trealamh | 5 |

Dímheastar an trealamh go léir a chistítear ó Dheontais agus Conarthaí Taighde thar shaolré na sócmhainní ar aon dul leis an mbeartas do gach sócmhainn sheasta eile.

ar leanúint….

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

### (c) Cánachas

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas íoc as cáin chorparáide ná cáin ioncaim ar aon chinn dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe do cháin bhreisluacha (CBL), ach mar gheall gur gníomhaíocht dhíolmhaithe soláthar oideachais nach ngearrtar aon cháin aschuir air, ní féidir leis an Institiúid cáin ionchuir a aisghabháil ar thromlach a ceannaigh. Tagann gníomhaíochtaí áirithe taighde agus tráchtála laistigh den Institiúid laistigh de scóip an CBL agus aisíocann an Institiúid aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo leis na Coimisinéirí Ioncaim.

### (d) Ioncam a Aithint

#### i) Deontais Stáit

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad infhaighte.

Déantar deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile maidir le maoin, gléasra agus trealamh a fháil nó a thógáil a chur do shochar an chuntais chaipitil agus amúchtar iad ar aon dul le dímheas thar shaolré na sócmhainní.

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim Mionoibreacha Caipitil isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as oibreacha samhraidh agus caipitil eile. I ngach cás, aithnítear an cistiú seo sa tréimhse ina bhfaightear é.

#### ii) Ioncam ó Tháillí

Cuirtear Ioncam ó Tháillí i gcuntas ar bhonn fabhruithe.

#### iii) Deontais agus Conarthaí Taighde

Déantar ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde a mheaitseáil do chaiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Is iad na haicmí is coitianta de hidirbhearta siúd:

- **Tabhartais nach bhfuil aon Srianta orthu**
  Áirítear le tabhartais nach bhfuil aon srianta orthu suimeanna a tugadh don Institiúid trí airgead tirim nó sócmhainn nach bhfuil aon srian orthu maidir le conas ar cheart an tabhartas a úsáid. Cuirtear na tabhartais siúd i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht don ioncam.

- **Tabhartais a bhfuil Srianta orthu**
  Cuirtear tabhartais a bhfuil srianta orthu i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht don ioncam. Coimeádtar an t-ioncam srianta sa chúlchistí atá srianta go sealadach go dtí an tráth sin go dtabhaítear an caiteachas i gcomhréir leis na srianta.

- **Deontais Taighde ó Fhoinsí Neamh-Rialtais**
  Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamh-rialtais sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Má chuirtear srian ar úsáid ach murab ann d'aon choinníoll a bhaineann le feidhmíocht, cuirtear an t-ioncam i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a bhíonn an Institiúid i dteideal don ioncam.

ar leanúint….

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

**Deontais Taighde ó Fhoinsí Neamh-Rialtais (ar leanúint)**
Coimeádtar deontais a bhfuil coinníollacha acu a bhaineann le feidhmíocht nár comhlíonadh mar ioncam iarchurtha go dtí an tráth sin a chomhlíontar na coinníollacha, agus cuirtear an t-ioncam i gcuntas, ag an tráth sin, sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

Cuirtear deontais a bhfuil srianta orthu i gcuntas laistigh den Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidlíocht don ioncam agus coimeádtar iad, ina dhiaidh sin, laistigh de chúlchiste srianta go dtí an tráth sin a thabhaítear ar aon dul leis an srian.

**iv) Ioncam ó Éarlaisí Gearrthéarmacha**

Cuirtear an t-ioncam go léir ó éarlaisí gearrthéarmacha do shochar an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais sa tréimhse a thuilltear é.

### (e) Sochair Fostaithe

**i) Sochair Scoir**

Bronntar gach teidlíocht phinsin de chuid na foirne faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais (I.R. Uimh. 290) agus comhlíontar oibleagáidí pinsin de réir mar a thagann siad aníos.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Thuilltear agus, ar an ábhar sin, coimeádann an Institiúid asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe den chistiú seo.

Ní dhéanann an Institiúid ranníocaíochtaí i dtreo na scéime agus níl aon oibleagáidí aici maidir le teidlíochtaí.

Cuireadh tús leis an bPinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') le héifeacht ón 1 Eanáir 213. Baill den Scéim Aonair, go ginearálta, iad gach iontrálaí nua chuig fostaíocht inphinsin seirbhíse poiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Aisíoctar airgead a fhaightear ó fhostaithe faoin scéim seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Forordaítear an Institiúid in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údarás ábhartha chun críche na Scéime Aonair. Ní dhearnadh soláthar do shochair amach anseo a thabhaítear do bhaill den Scéim sna ráitis airgeadais seo. I dtuairim na hInstitiúide (i gcomhréir le hAlt 44 d'Acht 2012), sheach-chuirfí aon dliteanas maidir leis an Scéim Aonair lena chomhionann de shócmhainn maidir le cistiú Stáit amach anseo.

Tá measúnú á dhéanamh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na socruithe reatha maidir leis an Scéim Aonair agus tá breithniú a dhéanamh aici ar roinnt roghanna maidir le sochair a íoc amach anseo agus na sochair siúd a mhaoiniú.

**ii) Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na bhfabhruithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

### (f) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí coigríche isteach in Euro agus cuirtear iad i gcuntas ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche isteach in Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.

ar leanúint….

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

### (g) Léasanna

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh théarma an léasa, fiú mura ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Ar an gcuma chéanna, leatar sochair a fhaightear agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú, ar bhonn líne dhíreach thar théarma an léasa.

### (h) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamh-amúchta cistí carntha a leithdháiltear do mhaoin, gléasra agus trealamh.

### (i) Cúlchiste Forbartha Caipitiúla

Léirítear sa Chúlchiste Forbartha Caipitiúla suimeanna a cuireadh ar leataobh le haghaidh cuspóirí sonraithe forbartha caipitiúla. Coimeádfar na cistí siúd sa Chúlchiste Forbartha Caipitiúla a fhad agus a bhíonn na tionscadail shainithe dá dtiomáintear iad ar aon dul le pleananna forbartha caipitiúla na hInstitiúide, a fhad agus gur fhaomh an Comhlacht Rialaithe iad, agus go mbíonn siad céimnithe i dtaobh ama de agus ar aon dul le meastacháin ar chostais.

## 2 Deontais Stáit

| | Leithdháilte ar Chaiteachas Athfhillteach €000 | Leithdháilte ar Chaiteachas Caipitil €000 | Iomlán 2016 €000 | Iomlán 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontas Stáit do: | | | | |
| Caiteachas Athfhillteach | 7,630 | 171 | 7,801 | 7,912 |
| Minoibreacha | 36 | 554 | 590 | 590 |
| **Iomlán 2016** | 7,66 | 725 | 8,391 | 8,019 |
| **Iomlán 2015** | 7,471 | 548 | | |

Tá costas iomlán roinnt cúrsaí teastais agus roinnt cúrsaí gnathchéime arna thacú trí fhóirdheontais ó Chiste Sóisialta na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta. Tá Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach páirtchistithe ón gcúnamh sin ón Aontas Eorpach. Le héifeacht ón 1 Feabhra 2007, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas freagracht ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cistiú caiteachais athfhilltigh neamh-altranais.

## 3 Táillí Teagaisc

| | 2016 Líon na Mac Léinn | 2016 €000 | 2015 Líon na Mac Léinn | 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cistithe ag an Stát: | | | | |
| Táillí Teagaisc | 1,866 | 1,387 | 1,839 | 1,769 |
| Foghlaim Fad Saoil agus Táillí Eile | 80 | 289 | 56 | 197 |
| Ranníocaíocht na Mac Léinn | 0 | 2,563 | 0 | 4,710 |
| | 1,946 | 4,239 | 1,895 | 3,825 |
| Neamhchistithe ag an Stát: | | | | |
| Ranníocaíocht an Mhic Léinn | 0 | 2,917 | 0 | 3,121 |
| Táillí Neamh-AE | 4 | 48 | 0 | 0 |
| Táillí arna n-íoc ag Mic Léinn nó ar a son | 206 | 661 | 205 | 554 |
| Foghlaim Fad Saoil agus Táillí Eile | 133 | 312 | 123 | 261 |
| | 343 | 3,938 | 328 | 3,936 |
| | 2,289 | 8,177 | 2,223 | 7,761 |

D'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas táillí teagaisc €1,304,258 sa bhliain (2015: €1,691,158) maidir le cúrsaí céime onóracha lánaimseartha agus €58,500 (2015: €46,716) maidir le cúrsaí ardteastais agus cúrsaí gnáthchéime, a bhfuil a gcuid costas iomlán páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

Luaitear líon na mac léinn mar choibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe.

## 4 Deontais agus Conarthaí Taighde

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Stát | 393 | 311 |
| An tAontas Eorpach | 65 | 135 |
| Tionscal | 50 | 4 |
| Eile | 48 | 0 |
| Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail | 556 | 450 |
| Leithdháilte ar Chaiteachas Caipitil | (8) | (8) |
| Glanioncam | 548 | 442 |
| Costais Foirne | 156 | 155 |
| Costais Neamh-Phá | 281 | 316 |
| Chaiteachas | 436 | 473 |
| Toradh Glan | 6 | 6 |

Tá €18,000 (2015: €27,193) san áireamh san Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail i leith for-chostais a aisghabháil. Is ionann an t-iarmhéid agus chostais dhíreacha arna n-aisghabháil le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil um chaiteachas thuas.

## 5 Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn

| | Ciste Míchumais na Mac Léinn | Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Fáltais: | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 167 | 96 | 263 | 242 |
| Suimeanna a Cuireadh i bhFeidhm | (166) | (96) | (262) | (243) |
| | 1 | 0 | (1) | (1) |

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

## 6 Ioncam Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe | 642 | 655 |
| Ioncam Saoráidí Aitheanta | 238 | 242 |
| Muireir Priontáil | 50 | 36 |
| Ioncaim ó Mic Léinn Idirnáisiúnta | 136 | 311 |
| Ilghnéitheach | 21 | 32 |
| | 1,087 | 1,286 |

## 7 Anailís ar Ioncam atá Díortha ón Stát

| | Iarmhéid Iarchurtha an 1 Meán Fómhair 2015 €000 | Méid a Fuarthas €000 | Iarmhéid Iarchurtha an 1 Lúnasa 2016 €000 | Ráiteas Iomcaim agus Caiteachais €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas Stáit (Nóta 2):** | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 0 | 8,350 | 0 | 8,350 |
| Leithdháilte do Chaiteachas Caipitil | 0 | (725) | 0 | (725) |
| Ioncam Stáit Iomláin | 0 | 7,625 | 0 | 7,625 |
| **Táillí Teagaisc (Nóta 3):** | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 0 | 1,644 | 0 | 1,644 |
| Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éireann | 0 | 2,536 | 0 | 2,536 |
| Scoláireachtaí IADT | 0 | 32 | 0 | 32 |
| Boird Oideachas agus Oiliúna | 0 | 27 | 0 | 27 |
| Ioncam Stáit Iomláin | 0 | 4,239 | 0 | 4,239 |
| **Deontais agus Conarthaí Taighde (Nóta 4):** | | | | |
| Fiontraíocht Éireann | 0 | 73 | 0 | 73 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 248 | 147 | 312 | 83 |
| Idir-Thrádáil Éireann | 0 | 18 | 18 | 0 |
| Cúnamh Éireann | 65 | 60 | 84 | 41 |
| Bord Scannán na hÉireann | 22 | 0 | 16 | 6 |
| Ionad Naisiúnta don Teicneolaíoct san Oideachas | 61 | 26 | 45 | 42 |
| An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama | 0 | 55 | 0 | 55 |
| Pobal | 0 | 28 | 24 | 4 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 0 | 14 | 0 | 14 |
| Skillnets | 0 | 39 | 0 | 39 |
| An Cumann um Ard-Oideachas Teicneolaíochta | (6) | 19 | (11) | 24 |
| Eile | 2 | 11 | 1 | 12 |
| Ioncam Stáit Iomláin | 392 | 490 | 489 | 393 |
| **Cistiú um Thacaíocht do Mhic Léinn (Nóta 5):** | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 61 | 209 | 7 | 263 |
| Ioncam Stáit Iomláin | 61 | 209 | 7 | 263 |

## 8 Costais Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ina measc) a d'fhostaigh an Institiúid i rith na bliana, a léirítear i gcoibhéisí lánaimseartha:

| | 2016<br>Líon na<br>Bhfostaithe | 2015<br>Líon na<br>Bhfostaithe |
|---|---|---|
| Múinteoireacht agus Taighde | 122 | 126 |
| Teicniúil | 13 | 12 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí | 65 | 62 |
| | 200 | 200 |

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Pá | 11,967 | 11,979 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 1,062 | 1,046 |
| | 13,029 | 13,025 |

**Cúiteamh na Príomh-Bhainistíochta**

B'ionann an luach saothair iomlán do phearsanra na príomhbhainistíochta €141,638 (2015: €141,638)
Tá an tUachtarán agus Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe i measc phearsanra na príomhbhainistíochta san Institiúid.

**Foireann a ndéantar Íocaíocht Níos Airde leo**

Ghlac an Institiúid le luach tosaigh €60,000 chun an fhoireann a aithint a n-íoctar tuarastal níos airde leo. Seo a leanas luach saothair i mbandaí tuarastail €10,000, agus €60,000 á úsáid mar an luach tosaigh:

| | 2016<br>Líon na<br>Bhfostaithe | 2015<br>Líon na<br>Bhfostaithe |
|---|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 19 | 19 |
| €70,001 - €80,000 | 38 | 34 |
| €80,001 - €90,000 | 17 | 24 |
| €90,001 - €100,000 | 6 | 7 |
| €100,001 - €110,000 | 2 | 2 |
| | 82 | 86 |

## 9 Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

| | 2016 Líon na Bhfostaithe | 2015 Líon na Bhfostaithe |
|---|---|---|
| Líon na gComhaltaí Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair | 200 | 200 |

## 10 Anailís ar Chaiteachas

| | Costais Foirne €000 | Oibríochta €000 | Iomlán 2015 €000 | Iomlán 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ranna Acadúla | 8,881 | 776 | 9,657 | 9,410 |
| Seirbhísí Acadúla | 330 | 114 | 444 | 456 |
| Costais Saoráidí | 519 | 1,104 | 1,700 | 1,834 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC | 2,673 | 1,067 | 3,740 | 4,130 |
| Costais Ghinearálta Oideachasúla | 119 | 224 | 343 | 331 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 345 | 360 | 705 | 712 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 156 | 349 | 505 | 436 |
| Ioncam um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn Feidhmithe | 0 | 262 | 262 | 243 |
| **Total 2016** | 13,029 | 4,263 | 17,292 | 17,406 |
| **Total 2015** | 13,025 | 4,381 | | |

## 10 Anailís ar Chaiteachas (ar lean)

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile: | | |
| Caiteachas Taighde | 349 | 281 |
| Ábhair agus Tomhaltáin eile | 339 | 189 |
| Trealamh | 182 | 204 |
| Scoil Náisiúnta Scannán | 98 | 77 |
| Stáiseanóireacht agus Ábhair Oifige | 21 | 49 |
| Fáilteachas | 24 | 26 |
| Earcaíocht | 72 | 35 |
| Taisteal agus Cothabháil | 73 | 214 |
| Caiteachas ar Chúrsaí Seachtracha | 43 | 51 |
| Leabhair agus Tréimhseacháin | 99 | 92 |
| Glanadh | 256 | 290 |
| Cothabháil | 123 | 88 |
| Slándáil | 124 | 116 |
| Árachas | 100 | 97 |
| Forais agus Tírdhreachú | 41 | 30 |
| Fuinneamh agus Uisce | 437 | 528 |
| Cothabháil TFC | 277 | 278 |
| Poiblíocht agus Cur Chun Cinn | 124 | 125 |
| Rollú, Scrúduithe agus Bronnadh | 91 | 65 |
| Cumarsáid | 62 | 70 |
| Táillí Dlí | 24 | 39 |
| Táillí um Iniúchadh Seachtrach | 27 | 28 |
| Táillí Gairmiúla Eile | 160 | 307 |
| Costais Airgeadais | 33 | 10 |
| Forbairt Foirne | 123 | 123 |
| Síntiúis do Chomhlachtaí Gairmiúla | 23 | 94 |
| Caiteachas ar Shaoráidí ar Cíos | 78 | 82 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 360 | 335 |
| Ioncam arna fheidhmiú ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 262 | 243 |
| Táillí Teagaisc Athfhála | 177 | 99 |
| Eile | 61 | 98 |
| | 4,263 | 4,381 |

## 11 Cánachas

Tá Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú stádas carthanachta.

## 12 Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Iomlán €000 | Talamh agus Foirg-nimh €000 | Sócmh-ainní atá á dTógáil €000 | Daing-neáin agus Feistis €000 | Crua-earraí Ríomh-aire €000 | Troscán agus Trea-lamh €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Meán Fómhair, 2015 | | | | | | |
| Luacháil | 14,037 | 12,713 | 0 | 304 | 0 | 1,020 |
| Costas | 56,356 | 36,065 | 128 | 1,626 | 10,875 | 7,662 |
| | 70,393 | 48,778 | 128 | 1,626 | 10,875 | 7,662 |
| Breiseanna | 733 | 0 | 65 | 282 | 373 | 13 |
| Diúscairtí | (431) | 0 | 0 | 0 | (352) | (79) |
| Amhail an 31 Lúnasa, 2016 | 70,695 | 48,778 | 193 | 2,212 | 10,896 | 8,616 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Meán Fómhair | 28,216 | 8,920 | 0 | 1,638 | 10,486 | 7,172 |
| Muirear don Bhliain | 1,833 | 812 | 0 | 66 | 404 | 551 |
| Diúscairtí | (431) | 0 | 0 | 0 | (352) | (79) |
| Amhail an 31 Lúnasa 2015 | 29,618 | 9,732 | 0 | 1,704 | 10,538 | 7,644 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Lúnasa 2016 | 41,077 | 39,046 | 193 | 508 | 358 | 972 |
| Amhail an 1 Meán Fómhair 2015 | 42,177 | 39,858 | 128 | 292 | 389 | 1,510 |

| | | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **13** | **Infháltais** | | |
| | Táillí Teagaisc | 21 | 32 |
| | Ioncam ó Bhanna Forbartha atá Infhaighte | 24 | 29 |
| | Íocaíochtaí a fuarthas roimh ré | 840 | 840 |
| | Ús Fabhraithe | 1 | 0 |
| | Féichiúnaithe Eile | 214 | 125 |
| | | 1,100 | 1,026 |

| | | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **14** | **Nithe Iníoctha** | | |
| | **Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | | |
| | Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré: | | |
| | Táillí Teagaisc agus Ranníocaíochtaí na Mac Léinn | 227 | 164 |
| | Deontais agus Conarthaí Taighde | 510 | 407 |
| | Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 7 | 61 |
| | | 744 | 632 |
| | Fabhruithe | 431 | 476 |
| | Creidiúnaithe Trádála | 74 | 72 |
| | ÍMAT/ÁSPC | 325 | 330 |
| | Creidiúnaithe Eile | 115 | 118 |
| | | 945 | 951 |
| | | 1,689 | 1,583 |

| | | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **15** | **Cuntas Caipitil** | | |
| | Iarmhéid amhail an 1 Meán Fómhair | 42,177 | 43,514 |
| | Leithdháilte ó Dheontas Athfhillteach | 171 | 22 |
| | Leithdháilte ón Deontas Mionoibreacha | 554 | 526 |
| | Leithdháilte ó Ioncam Tionscadal | 8 | 8 |
| | | 42,910 | 44,070 |
| | Amúchadh i gcomhréir le Diúscairtí | (1,833) | (1,893) |
| | Iarmhéid amhail an 31 Lúnasa | 42,910 | 42,177 |

| | | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **16** | **Cúlchiste Forbartha Caipitiúla** | | |
| | Iarmhéid amhail an 1 Meán Fómhair | 1,626 | 1,626 |
| | Iarmhéid amhail an 31 Lúnasa | 1,626 | 1,626 |

## 17 Ceangaltais Chaipitil

Níl aon ceangaltais ar an Institiúid (2015: €0) maidir le caiteachas caipitil ag dáta an chláir chomhardaithe.

## 18 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag dáta an chláir chomhardaithe

## 19 Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil comhaltaí Chomhlacht Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Ghlac an Institiúid nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Chomhlachta Rialachais agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin.

## 20. Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon imeachtaí suntasacha ó dháta an chláir chomhardaithe a d'fhéadfadh impleachtaí a imirt ar na ráitis airgeadais seo.

## 21. Míniú ar an Aistriú chuig FRS 102

Seo an chéad bhliain inar chuir an Institiúid a ráitis airgeadais i láthair faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais. Teastaíonn an nochtadh seo a leanas i mbliain an aistrithe. Bhí na ráitis airgeadais dheireanacha faoin GAAP Éireannach don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2015 agus is é dáta an aistrithe chuig FRS 102, ar an ábhar sin, an 1 Meán Fómhair 2014. Mar iarmhairt ar ghlacadh le FRS 102, tháinig athrú ar roinnt beartais chuntasaíochta chun an caighdeán sin a chomhlíonadh.

Roghnaigh an Institiúid chun na forálacha aistrithe a úsáid in Alt 35 de chuid FRS 102 maidir le maoin, gléasra agus trealamh, inar féidir an luacháil GAAP roimhe seo a úsáid mar “costas measta” ag leanúint ar aghaidh.

Níor imríodh aon tionchar ar chúlchistí tosaigh ag dáta an aistrithe mar thoradh ar ghlacadh le FRS 102, agus níor imríodh aon tionchar ar an toradh don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2015 a tuairiscíodh roimhe seo.

Sa chás gur riachtanach, rinneadh na figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a athlua ar an mbonn céanna a rinneadh amhlaidh d'fhigiúirí na bliana reatha.

## 22 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Comhlacht Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 14 Meitheamh 2017.